
# 14 Clár Cúnaimh Dhéthaobhaigh na hÉireann a Rialú

**14.1** Is éard is cúnamh oifigiúil forbartha (COF) ann ná nuair a aistríonn an Stát cistí d'fhonn forbairt gheilleagrach agus leasa tíortha atá i mbéal forbartha a chur chun cinn.

**14.2** Is é Cúnamh Éireann príomhchlár an Rialtais le haghaidh COF agus maoinítear faoi Vóta 27: Comhoibriú Idirnáisiúnta é. Tá an clár faoi bhainistiú Rannóg Comhoibrithe Forbartha (RCF) na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (an Roinn).

**14.3** Bhí COF na hÉireann cothrom le €724 milliún san iomlán in 2016 (féach Fíor 14.1). Cé go bhfuil sé fós faoi bhun an bhuaicleibhéil a chonacthas in 2008 (€921 milliún), bhí COF na hÉireann méadaithe 12% bliain ar bhliain in 2016 agus ag an leibhéal ab airde ó bhí 2008 ann.

**Fíor 14.1 Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann, 2000 go 2016**




Foinse: Caiteachas — Tuarascálacha Bliantúla Chúnamh Éireann. %OIN — an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (an ECFE).

**14.4** I 1970, shocraigh na Náisiúin Aontaithe (NA) sprioc go dtabharfadh tíortha forbartha COF ab ionann agus 0.7% dá nOllioncam Náisiúnta (OIN) gach bliain.[1] In 2005, shocraigh Comhairle an AE cuspóir ar leith do bhallstáit go mbainfidís amach sprioc na Náisiún Aontaithe faoi 2015.[2] Níl ag éirí le hÉirinn cuspóir an AE a chomhlíonadh go fóill ach, de réir chonclúidí Chomhairle an AE in 2015, tá gealltanas nua tugtha aici go mbeidh an sprioc 0.7% den OIN á comhlíonadh aici faoi 2030.[3]

**14.5** Mhéadaigh COF na hÉireann ó 0.3% den OIN in 2000 go dtí buaicphointe 0.59% in 2008, sular thit sé arís go dtí 0.33%, an leibhéal reatha (féach Fíor 14.1).[4] Mar thoradh air sin, bhí Éire sa 13ú háit (an áit chéanna leis an Spáinn) as 35 tír an ECFE ó thaobh a deonacháin pro rata de.[5]

**14.6** Cuirtear maoiniú COF na hÉireann i bhfeidhm faoi dhá phríomhchatagóir chúnaimh (féach Fíor 14.2)

- **Cúnamh Iltaobhach (€338 milliún/47%)** — tá i gceist leis seo deonacháin le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta, le hinstitiúidí nó le heagraíochtaí a gcuireann deonacháin óna mballtíortha i dtoll a chéile agus a úsáideann chun críocha forbartha iad.
- **Cúnamh Déthaobhach (€386 milliún/53%)** — tá i gceist leis seo cúnamh a thabhairt go díreach do thír atá i mbéal forbartha ar réimse bealaí, lena n-áirítear trí rialtas na tíre atá i mbéal forbartha, trí eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENR), trí ghníomhaireachtaí idirnáisiúnta, agus trí chomhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí príobháideacha agus le cumainn mhisinéireachta.

1 Rún 2626 (XXV) de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, an 24 Deireadh Fómhair 1970.


2 Cruinniú Uimh. 2660 de Chomhairle an Aontais Eorpaigh, an Chomhairle um Chaidreamh Seachtrach, an Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2005.

3 *2030 Agenda and the Sustainable Development Goals*, ar ghlac ceannairí domhanda leis ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac i mí Mheán Fómhair 2015.

4 Tá léirithe in Iarscríbhinn 14A an caiteachas ar COF mar chéatadán den OIN in 2016 de réir thíortha bronntacha an ECFE.

5 Cruinniú Mullaigh na Náisiún

**Fíor 14.2 Léargas ginearálta ar COF na hÉireann in 2016**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nótaí:
a Tá san áireamh i gcostais riaracháin Vóta 27 tuarastail na foirne i gceannáras Chúnamh Éireann agus i bpríomhthíortha comhpháirtithe, táillí sainchomhairliúcháin le saineolas teicniúil agus measúnú neamhspleách a chur ar fáil, costais taistil agus costais seansaireachta/chónaithe.
b Faigheann idirghabhálacha daonnúla maoiniú díreach trí bhuiséid éigeandála agus cúnaimh dhaonnúil. Tugtar €90 milliún sa bhreis d'idirghabháil dhaonnúil trí eagraíochtaí a mhaoinítear faoi bhuiséid dhéthaobhacha agus iltaobhacha.
c Tá san áireamh sna méideanna a íocadh ó Vóta 30: Talmhaíocht, Bia agus an Mhuir leis an gClár Domhanda Bia in 2016 réamhíocaíocht €20 milliún le haghaidh na bliana 2017.

**14.7** Bhain thart ar dhá thrian de COF na hÉireann le Vóta 27 in 2016. Bhain an chuid eile le

- Sciar na hÉireann de bhuiséad comhoibrithe forbartha an AE
- Deonachán na hÉireann don Chlár Domhanda Bia, don Bhanc Domhanda agus d'eagraíochtaí iltaobhacha eile
- íocaíochtaí le comhlachtaí idirnáisiúnta arna ndéanamh ag ranna eile.[1]

## Calaois in Uganda in 2012

**14.8** I mí Dheireadh Fómhair 2012, thug an tArdiniúchóir in Uganda tuarascáil ar mhí-leithghabháil €11.6 milliún de mhaoiniú bronntach a bhí beartaithe le haghaidh Phlean Síochána, Téarnaimh agus Forbartha Uganda Thuaidh.[2] Bhí Cúnamh Éireann tar éis €7.25 milliún a thabhairt do Rialtas Uganda le tacú leis an bPlean agus tháinig sé chun solais go ndearnadh mí-leithghabháil ar €4 mhilliún den tsuim sin. D'fhógair Rialtas na hÉireann, tar éis thuarascáil an Ardiniúchóra, go gcuirfí ar fionraí gach maoiniú ó Chúnamh Éireann a bhí ag dul trí Rialtas Uganda. I mí na Nollag 2012, fuarthas €4 mhilliún ar ais ó Rialtas Uganda.

**14.9** Rinne Aonad Measúnachta agus Iniúchóireachta na Roinne (an tAonad Iniúchóireachta) imscrúdú ar mhí-leithghabháil na gcistí agus rinne athbhreithniú críochnúil ar na córais rialaithe inmheánaigh agus bainistithe riosca a fheidhmíonn an Roinn i ndáil leis na príomhthíortha comhpháirtíochta uile.[3] D'fhoilsigh an tAonad Iniúchóireachta *an Tuarascáil Sintéise ar an Measúnú ar Chórais Rialaithe Inmheánaigh agus Bainistithe Riosca i bPríomhthíortha Comhpháirtíochta* i mí Feabhra 2014.

**14.10** Cuireadh faoi chaibidil sa tuarascáil sin

- na córais rialaithe atá i bhfeidhm i leith cúnamh déthaobhach a chuirtear ar fáil faoi Vóta 27, agus
- feabhsuithe ar nósanna imeachta riaracháin na Roinne maidir le cúnamh déthaobhach tar éis an cháis calaoise in Uganda.

**14.11** Tugadh cuairt ar Ambasáid na hÉireann in Uganda mar chuid den imscrúdú. Breathnaíodh chomh maith ar fhorfheidhmiú treoirlínte nua na Roinne a bhaineann leis an gcaoi a roghnaítear tionscadail agus leis an gcaoi a ndéantar iad mhonatóiriú, a iniúchadh agus a mheasúnú.

1 I measc na bpáirtithe a dhéanann ranníocaíochtaí leis an COF tá: an Roinn Airgeadais; an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (rud a chuirtear san áireamh ina Vótaí faoi seach); agus aisíocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim i leith na Scéime Asbhaintigh Cánach maidir le deonacháin do charthanais ábhartha.


2 Creat forbartha is ea *an Plean Síochána, Téarnaimh agus Forbartha*, ar cheap Rialtas Uganda é agus ar chuir Oifig an Phríomhaire i bhfeidhm é mar straitéis le deireadh a chur le bochtaineacht agus le leas mhuintir Uganda Thuaidh a fheabhsú. Fuair sé maoiniú bronntach ó Éirinn, ón tSualainn, ón Danmhairg, agus ón Iorua.

3 Is éard is príomhthíortha comhpháirtíochta ann ná tíortha a bhfuil socruithe foirmeálta ag Cúnamh Éireann lena rialtais le haghaidh cúnamh forbartha marthanach, fadtréimhseach.

## Cúnamh déthaobhach

14.12 Tá léirithe i bhFíor 14.3 miondealú ar chúnamh déthaobhach na hÉireann in 2016.

**Fíor 14.3 Léargas ginearálta ar chúnamh déthaobhach, 2016**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nóta: a Is éard is tíortha eile ann ná tíortha a gcuireann Cúnamh Éireann tacaíocht ar fáil iontu tríd an ambasáid gan comhpháirtíocht fhoirmeálta a dhéanamh le rialtas na tíre.


14.13 Díríonn Cúnamh Éireann ar thíortha agus ar thosaíochtaí cláir áirithe nuair a leithdháileann cúnamh déthaobhach d'fhonn a éifeachtacht a uasmhéadú. Nuair atá an cinneadh á dhéanamh faoin mbealach a dtabharfar an cúnamh, cuirtear fachtóirí éagsúla faoi chaibidil amhail an timpeallacht pholaitíochta agus an cineál cúnaimh atá ag teastáil laistigh den tíre.

### *Príomhthíortha Comhpháirtíochta*

14.14 Tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha fadtréimhseacha ag Éirinn leis na rialtais in ocht bpríomhthír chomhpháirtíochta le tacaíocht a thabhairt dóibh le cláir forbartha agus laghdaithe bochtaineachta. Is iad na hambasáidí Éireannacha sna príomhthíortha comhpháirtíochta a bhainistíonn an cúnamh forbartha a chuirtear ar fáil faoi na comhpháirtíochtaí sin den chuid is mó, i gcomhar le haonaid i gceannáras Chúnamh Éireann, agus tá sé ceaptha bheith ag teacht le pleananna forbartha náisiúnta na rialtas comhpháirtíochta. Oibríonn na hambasáidí as lámha a chéile le roinnt mhaith eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gníomhaireachtaí iltaobhacha sna spriocthíortha ach deontais a chur ar fáil le tacú leo cláir oibre chomhaontaithe a chur i ngníomh.

14.15 Aistrítear maoiniú chuig tíortha comhpháirtíochta trí chomhpháirtithe sochaí sibhialta agus daonnúla atá maoinithe ag Cúnamh Éireann i gcásanna áirithe chomh maith. Tá léirithe i bhFíor 14.4 iomlán an chúnaimh dhéthaobhaigh a cuireadh ar fáil do gach ceann de thíortha comhpháirtíochta na hÉireann in 2016, cibé acu trí na hambasáidí (€131.8 milliún) nó trí chomhpháirtithe sochaí sibhialta agus daonnúla atá maoinithe ag Cúnamh Éireann (€25.1 milliún).

**Fíor 14.4 Iomlán an chúnaimh dhéthaobhaigh a aistríodh chuig tíortha comhpháirtíochta in 2016[a]**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nótaí: a Tá na figiúirí léirithe glan ar chostais riaracháin.

b Is í an ambasáid i Vítneam a bhainistigh an maoiniú i gcomhair Vítneam, na Cambóide agus Laos (san áireamh san iomlán).

*Plean straitéise tíre*


**14.16** Cuirtear plean straitéise tíre cúig bliana i dtoll a chéile do gach ceann de na príomhthíortha comhpháirtíochta.[1] Leagtar amach sa phlean sin cén chaoi ar féidir le hambasáid i dtír chomhpháirtíochta torthaí ar leith a bhaint amach. Déantar foráil sa phlean d'athbhreithniú meántéarma agus do mheasúnú ag deireadh na straitéise chomh maith. Is í an ambasáid a dhéanann an t-athbhreithniú meántéarma i gcomhar le hAonad na Roinne um an Afraic. Is é an tAonad Iniúchóireachta a dhéanann an measúnú ag deireadh na straitéise a reáchtáil agus a bhainistiú. Déanann sainchomhairleoirí seachtracha, arna mbainistiú ag an Aonad Iniúchóireachta, na measúnuithe i gcásanna áirithe. I gcásanna eile, déanann an tAonad Iniúchóireachta an measúnú le tacaíocht ó shainchomhairleoirí seachtracha.

1 Tá straitéis trasdula i bhfeidhm i gcomhair Shiarra Leon toisc go bhfuil an tír ag aistriú ó 'stádas iar-choinbhleachta' go 'stádas forbartha' faoi láthair.

**14.17** Tugadh faoi deara in athbhreithniú a rinneadh ar na pleananna straitéise tíre le haghaidh gach ceann de na hocht bpríomhthír chomhpháirtíochta nach raibh ach cúig cinn de na pleananna fós bailí amhail ag mí an Mheithimh 2017. Chuir an Roinn síneadh ama leis an bplean reatha i dtrí thír de bharr nach raibh ceann nua réidh le cur i bhfeidhm go fóill. Tá achoimre déanta i bhFíor 14.5 ar an staid i leith gach plean straitéise ó bhí 2010 ann.

**14.18** Chuir an Roinn in iúl, i bhfianaise an timpeallacht atá i réim i roinnt tíortha comhpháirtíochta de chuid na hÉireann, go bhféadann athrú ó bhonn a theacht ar na dálaí le linn an phróisis pleanála le haghaidh pleananna straitéise tíre. Uaireanta caithfear cur chuige na Roinne a athrú i dtír ar leith má tharlaíonn cúlú eacnamaíochta, toghcháin nó tubaistí nádúrtha. Luaigh an Roinn freisin gur minic a mholtar in athbhreithniú meántéarma ar phlean straitéise tíre gur chóir an cur chuige a athrú mar fhreagairt ar dhálaí áitiúla nua, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar phleananna nua a thabhairt chun críche.

**Fíor 14.5 Pleananna straitéise tíre i gcomhair príomhthíortha comhpháirtíochta**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

### *Forbairtí tar éis na calaoise in Uganda*

**14.19** Leagadh amach i Tuarascáil Sintéise an Aonaid Iniúchóireachta naoi moladh maidir leis na córais atá i bhfeidhm sna príomhthíortha comhpháirtíochta. Mar chuid den scrúdú seo rinneadh measúnú ar an dul chun cinn a bhí déanta ó thaobh moltaí na tuarascála sintéise a chur i bhfeidhm agus tá torthaí an mheasúnaithe sin curtha i láthair i bhFíor 14.6.

**Fíor 14.6 Cur i bhfeidhm na moltaí a rinneadh sa Tuarascáil Sintéise amhail mí an Mheithimh 2017**

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Ba chóir córais bhainistithe fhoirmiúla a bhunú go hiomlán i ngach tír chomhpháirtíochta. | ● Dul chun cinn suntasach déanta |
| 2 | Ba chóir aithint agus tuairisciú riosca a ailíniú le córas bainistithe riosca na Roinne. | ● Dul chun cinn suntasach déanta |
| | Ba chóir béim a leagan ar úinéireacht riosca a aithint agus ar na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm. | ● Dul chun cinn suntasach déanta |
| 3 | Ba chóir sreabhadh cistí a ullmhú do gach comhpháirtí deontais. | ● Dul chun cinn suntasach déanta |
| 4 | Ba chóir na comhaontuithe conarthacha le comhpháirtithe, lena n-áirítear meabhrán tuisceana, a chaighdeánú. | ● Dul chun cinn suntasach déanta |
| | Ba chóir oiliúint chuí a chur ar bhaill foirne i gcomhair ullmhú agus bainistiú comhaontuithe conarthacha agus meabhrán tuisceana. | ● Dul chun cinn suntasach déanta |
| 5 | Ba chóir a chinntiú mar chuid d'ullmhú gach Plean Straitéise Tíre go bhfuil an fhoireann oiriúnach dá bhfeidhm agus ba chóir na scileanna riachtanacha a aithint go soiléir. | ● Roinnt dul chun cinn déanta |
| | Ba cheart don fhoireann shinsearach na scileanna riachtanacha a bheith acu chun buiséid agus rioscaí suntasacha a bhainistiú. | ● Roinnt dul chun cinn déanta |
| | Ba chóir oiliúint chuí riosca a chur ar an bhfoireann shinsearach. | ● Dul chun cinn suntasach déanta |
| 6 | Ba chóir polasaí a thabhairt isteach chun fad folúntas foirne a íoslaghdú. | ● Dul chun cinn suntasach déanta |
| | Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí tuarastail don fhoireann áitiúil. | ● Dul chun cinn suntasach déanta |
| 7 | Ba chóir oiliúint bhainistíochta fhoirmiúil a dhearadh do na baill foirne siúd a chuirfear ar post i bpríomhthíortha comhpháirtíochta. | ● Roinnt dul chun cinn déanta |
| 8 | Ba chóir soiléiriú a dhéanamh ar na róil agus ar na freagrachtaí a bhaineann le bainistiú agus forfheidhmiú cláir cúnaimh, agus béim ar leith a leagan ar chinnteoireacht. | ● Dul chun cinn suntasach déanta |
| 9 | Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha intíre agus í a chur san áireamh i gclár oibre an Aonaid Iniúchóireachta. | ● Dul chun cinn suntasach déanta |
| | Ba chóir na struchtúir tuairiscithe a shoiléiriú. | ● Dul chun cinn suntasach déanta |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Eochair: ● Dul chun cinn suntasach déanta (glas)
● Roinnt dul chun cinn déanta (oráiste)

### *An nós imeachta bainistithe deontas*

**14.20** Ar cheann de na nithe b'údar imní sa Tuarascáil Sintéise bhí easpa leanúnachais i nósanna imeachta bainistithe deontas idir na rannáin agus na misin éagsúla de Chúnamh Éireann. Le dul i ngleic leis sin, forbraíodh nós imeachta coiteann nua i gcomhair bainistiú deontas.[1] Leagtar amach sa cháipéis nóis imeachta na bearta is gá a dhéanamh agus na bearta a mholtar a dhéanamh, agus an fhaisnéis agus an cháipéisíocht a chaithfidh a bheith ar fáil le bronnadh deontais a aithint, a dhearadh, a mheas, a fhaomhadh, a íoc, a mhonatóiriú, agus a dhúnadh. Tugann an nós imeachta leid do bhainisteoirí agus do chinneadóirí gach tionscadal, comhpháirtí, agus cinneadh maoinithe a mheas ó thaobh riosca, torthaí agus freagracht airgeadais de. Tá príomhghnéithe na nósanna imeachta nua leatha amach i bhFíor 14.7.[2]

1 *Standard Approach to Grant Management,* an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Eanáir 2016.

2 Tá léirithe in Aguisín 14B amlíne na n-athruithe a chuir an Roinn i bhfeidhm tar éis na calaoise in Uganda in 2012.

**Fíor 14.7 Príomhghnéithe an nóis imeachta bainistithe deontas**


Socraíonn an nós imeachta cur chuige caighdeánach i leith bainistiú deontas. Tugann sé treoir ar na bearta is gá a dhéanamh ag gach céim den phróiseas agus tá teimpléid shamplacha san áireamh ann chomh maith. Éilítear ar bhainisteoirí riosca, torthaí agus freagracht airgeadais a choinneáil i gcuimhne nuair a dhéanann siad bearta i leith

- clár/tionscadal/comhpháirtíochtaí a aithint le comhpháirtithe nua nó comhpháirtithe atá ann cheana
- dearadh agus forbairt — faisnéis a bhailiú faoi thionscadal agus faoi chomhpháirtí
- measúnú — measúnú a dhéanamh ar an tionscadal, ar an mbuiséad, ar an gcomhpháirtí agus ar an riosca
- faomhadh — nuair a fhaomhann an t-údarás cuí bronnadh an deontais
- forfheidhmiú — na comhaontuithe a mhalartú le comhpháirtithe, íocaíochtaí a phróiseáil, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus foghlaim
- tabhairt chun críche — cuntas deiridh ar an gcaiteachas agus ar na torthaí a baineadh amach a chur ar fáil.

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

**14.21** Chuir an Roinn tús le tabhairt isteach an nóis imeachta bainistithe deontas in 2016 (féach Fíor 14.8). Glactar leis go dtabharfar an tástáil chun críche i ráithe a haon, 2018 agus go seolfar é go gairid ina dhiaidh sin. Eagraíodh roinnt cruinnithe agus turais oiliúna agus tacaíochta mar chuid den phróiseas tástála agus seolta. Tá sé mar aidhm acu cabhrú le foirne misin sainaithint a dhéanamh ar na hathruithe is gá a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de na nósanna imeachta atá acu faoi láthair chun go mbeidh siad ag teacht leis an nós imeachta bainistithe deontas nua.

**Fíor 14.8 Léargas ginearálta ar rolladh amach na nósanna imeachta bainistithe deontas**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

**14.22** Oibríonn ambasáidí i bpríomhthíortha comhpháirtíochta as lámha a chéile le heagraíochtaí comhpháirtíochta le cúnamh a chur ar fáil i dtíortha atá rannpháirteach i gcláir. Déantar measúnú ar chomhpháirtithe féideartha lena mheas an mbeadh sé ar a gcumas an cúnamh atá ag teastáil a chur ar fáil. Má éiríonn leo sa mheasúnú agus má fhaomhtar an cinneadh le deontas a bhronnadh, síníonn an ambasáid comhaontú leis an gcomhpháirtí. Leagtar amach sa chomhaontú sin na téarmaí a bhainfidh leis an maoiniú atá le cur ar fáil, chomh maith le heochairtháscairí feidhmíochta a úsáidfear le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an tionscadal. Cuirtear aon rioscaí a ndéantar sainaithint orthu san áireamh i gclár rioscaí an tionscadail.

**14.23** Éilítear leis an nós imeachta bainistithe deontas go ndéantar acmhainn an chomhpháirtí fhéideartha a mheas ag an am céanna leis an tionscadal féin. Sa chás go bhfuil an comhpháirtí forfheidhmithe atá beartaithe ina aireacht nó ina oifig rialtais láir, úsáidtear faisnéis ón measúnú bainistíochta airgeadais phoiblí a dtugtar faoi mar chuid den phróiseas pleanála straitéis an mhisin.


### *Struchtúir rialaithe agus dhearbhaithe*

**14.24** Tá leagtha amach i bhFíor 14.9 an córas rialaithe agus dearbhaithe a bhfuil feidhm aige ar an maoiniú a chuirtear ar fáil do phríomhthíortha comhpháirtíochta.

**14.25** Breathnaítear ar struchtúr agus ar fheidhmíocht na heagraíochta mar chuid den anailís a dhéantar roimh an maoiniú a thabhairt d’fhonn a chinntiú go mbeadh sí in ann torthaí a bhaint amach, airgead a bhainistiú agus cuntas a choinneáil air, agus rioscaí a bhainistiú. Bailítear faisnéis ar fheidhmíocht agus ar acmhainn na heagraíochta ó roinnt foinsí éagsúla. Tá an mhonatóireacht ar fheidhmíocht bunaithe ar shraith gníomhartha agus ionstraimí, lena n-áirítear tuairiscí airgeadais agus insinte arna gcur isteach ag an gcomhpháirtí, tuarascálacha iniúchóireachta, agus cuairteanna a thugann foireann de chuid Chúnamh Éireann air.

**14.26** Tá an Roinn tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar a próiseas dearbhaithe i gcomhair chlár Chúnamh Éireann ó tháinig an cás calaoise in Uganda chun solais in 2012. Tá an tAonad Iniúchóireachta ag athrú chun clár iniúchóireachta nua a bheidh bunaithe ar riosca. Leagfar béim mhéadaithe ar an rialú inmheánach le príomhrioscaí a bhainistiú agus le polasaithe ceadaithe na Roinne a chomhlíonadh. Faoin bpróiseas athbhreithnithe, beidh níos mó tábhachta ag baint leis an measúnú réamh-mhaoinithe, leis an gcur chuige i leith monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar thionscadail agus le hathbhreithniú córasach a dhéanamh ar thorthaí iniúchtaí seachtracha. Beidh obair na n-iniúchóirí inmheánacha i bpríomhthíortha comhpháirtíochta san áireamh sa phlean iniúchóireachta rioscabhunaithe foriomlán agus tabharfaidh siad tuairiscí don Aonad Iniúchóireachta go díreach.

**Fíor 14.9 Samhail Rialuithe Chúnamh Éireann do phríomhthíortha comhpháirtíochta**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Cuairt ar Uganda*

**14.27** Rinne an fhoireann scrúdaithe cigireacht ar na córais rialaithe a bhí i bhfeidhm san ambasáid in Uganda. Rinneadh cinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar an ambasáid de bharr gur cuireadh clár straitéise tíre nua le haghaidh Uganda i bhfeidhm in 2016, agus toisc gur ghlac an ambasáid leis an nós imeachta bainistithe deontas nua go luath. Tá méadú tagtha ar an méid cúnaimh dhaonnúil a fhaigheann Uganda, trí chlár na bpríomhthíortha comhpháirtíochta agus trí eagraíochtaí neamhrialtasacha sochaí sibhialta araon, mar thoradh ar an mórphlódú dídeanaithe isteach ó dheisceart na Súdáine.[1] Tugadh cuairt ar lonnaíocht dídeanaithe Parlorinya, in Moyo, Tuaisceart Uganda, mar chuid den chuairt ar Uganda. Tugann Cúnamh Éireann maoiniú cúnaimh don lonnaíocht trí ambasáid na hÉireann in Uganda agus trí chomhpháirtithe daonnúla.

**14.28** Cuireann an ambasáid in Uganda cúnamh ar fáil i sé réimse — oideachas, cúnamh daonnúil, dul i ngleic leis an bhforéigean teaghlaigh, dul i ngleic leis an VEID agus leis an SEIF, coimirce shóisialta agus feabhsú rialachais. Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar chúig thionscadal a roghnaíodh ó na réimsí ar fad lena fháil amach cén chaoi ar roghnaíodh na comhpháirtithe tionscadail, agus cén chaoi a ndéantar monatóireacht, iniúchadh agus measúnú ar na tionscadail. Tá leagtha amach i bhFíor 14.10 príomhthorthaí an athbhreithnithe.

**14.29** I ngach cás, bhí measúnú déanta ar na comhpháirtithe tionscadail féideartha. Ar cheann de ghnéithe an mheasúnaithe tá laigí san eagraíocht chomhpháirtíochta a aibhsiú agus sainaithint a dhéanamh ar réimsí riosca féideartha. I ngach ceann de na tionscadail a ndearnadh athbhreithniú orthu mar chuid den scrúdú, rinneadh sainaithint ar laigí nó ar rioscaí mar chuid den mheasúnú tosaigh. Cé gur forbraíodh cláir rioscaí agus straitéisí maolaitheacha le haghaidh na gcomhpháirtithe uile, ní raibh aon fhianaise ann go raibh gá le bearta maolaitheacha sa mheabhrán tuisceana ná sna comhaontuithe bliantúla a mhalartaítear idir na comhpháirtithe roghnaithe.

**14.30** Mar thoradh ar thorthaí thuarascáil Ardiniúchóir Uganda in 2012, chuir Cúnamh Éireann an maoiniú a bhí ag dul trí Rialtas Uganda ar fionraí. Chuir an Roinn in iúl an tráth sin nach n-úsáidfí córais airgeadais rialtais le cúnamh ó Éirinn a sheachadadh den chuid ba mhó. Bíodh sin mar atá, tá luaite sa chlár straitéise tíre nua le haghaidh Uganda gur féidir córais airgeadais rialtais a úsáid le tacú le hinstitiúidí freagrachta agus go ndéanfar measúnú orthu le linn na céime measúnaithe. Thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara, i gcás ceann amháin de na cúig thionscadal a ndearnadh athbhreithniú orthu, go raibh an maoiniú á chur ar fáil do ghníomhaireachtaí rialtais trí eagraíochtaí comhpháirtíochta maoinithe. Tá curtha in iúl ag an Roinn gurb í an eagraíocht chomhpháirtíochta atá freagrach as dearbhú a thabhairt agus as monatóireacht a dhéanamh ar an deontas ina leithéid de chásanna. Sula ndéanfar an t-athbhreithniú méantéarma, déanfar measúnú ar bhainistiú airgeadais phoiblí lena chinneadh an bhfillfear ar chórais rialtais a úsáid ar bhonn céimnithe.

1 Is é Karamoja, i dTuaisceart Uganda, a fhaigheann an chuid is mó den mhaoiniú ó Chúnamh Éireann. Tá buanoifig ag Cúnamh Éireann sa réigiún agus tá baill foirne dá chuid lonnaithe ann le gur féidir súil ghéar a choinneáil ar an maoiniú.

**Fíor 14.10 Príomhthorthaí an athbhreithnithe**

| **Ainm an tionscadail** | Clár Oideachais Bunscoile Karamoja | Acmhainn a láidriú agus tairbhithe coimirce sóisialta a mhéadú | Comhchlár um fhoréigean bunaithe ar an inscne in Busoga | VEID agus SEIF a chosc i bpobail Karamoja | Dul i ngleic le heasnaimh dhaonlathais agus rialachais |
|---|---|---|---|---|---|
| **Luach an chúnaimh a cuireadh i leataobh** | €13 mhilliún (4 bliana) | €15 mhilliún (5 bliana) | €1 mhilliún (2 bhliain) | €8.9 milliún (5 bliana) | €2.7 milliún (1.5 bliain) |
| Tionscadal san áireamh sa straitéis tíre | 2010 go dtí 2014 | 2016 go dtí 2020 | 2010 go dtí 2014 | 2016 go dtí 2020 | 2016 go dtí 2020 |
| Meabhrán tuisceana agus conradh bliantúil i bhfeidhm | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| San áireamh sa chomhaontú bliantúil tá sceideal na n-íocaíochtaí, riachtanais ó thaobh rialachas corparáideach de, eochairtháscairí feidhmíochta agus sonraí faoin mbainisteoir tionscadail | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Cuireadh na laigí a tháinig chun solais sa mheasúnú réamh-mhaoinithe san áireamh sa mheabhrán tuisceana nó sa chonradh | X | X | X | X | X |
| Déantar gach íocaíocht de réir nósanna imeachta rialaithe airgeadais na Roinne | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tugtar cistí do ghníomhaireachtaí rialtais trí eagraíochtaí comhpháirtíochta de chuid Chúnamh Éireann | **Níl**[a] | **Níl**[b] | **Níl**[a] | **Níl** | **Tá** |
| Fianaise go ndearnadh athbhreithniú ar na hiniúchtaí seachtracha i dtaca leis na tionscadail uile agus go ndearnadh monatóireacht ar na nithe ab údar imní a tháinig chun solais | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Faightear tuairiscí rialta ón gcomhpháirtí ar dhul chun cinn an tionscadail | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Aon mhí-leithghabháil cistí tuairiscithe | **Níl** | **Tá** | **Níl** | **Tá** | **Tá** |
| Reáchtáladh comórtais tairisceana agus bhí fáil ar fhianaise ar na torthaí | ✓ | ✓ | **n/b** | **n/b** | **n/b** |
| Rinneadh an príomhdheontóir (ní Cúnamh Éireann) measúnú ar an tionscadal agus bhí fianaise ann go ndearna foireann na hambasáide athbhreithniú air. | **n/b** | **n/b** | **n/b** | **n/b** | **Tá** |
| Rinne tríú páirtithe measúnú ar an eagraíocht chomhpháirtíochta | **n/b** | **n/b** | **Tá** | **n/b** | **n/b** |

✓ **Tá na torthaí ag teacht leis an ráiteas** X **Ní raibh na torthaí ag teacht leis an ráiteas** **n/b Neamhbhainteach**


Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Íocann eagraíochtaí comhpháirtíochta costais in-aisíoctha le gníomhaireachtaí rialtais.
b Déantar íocaíochtaí pinsin trí ghníomhaireacht atá faoi úinéireacht an Rialtais.

### *Tíortha eile*

**14.31** Cuireadh cúnamh, i bhfoirm maoiniú tionscadail, ar fáil do líon beag tíortha eile in 2016. Faigheann na tíortha sin deontais ón gclár gan a bheith ina bpríomhthíortha comhpháirtíochta. Rinne Aonad Chúnamh Éireann um an Afraic €12.7 milliún de mhaoiniú do thíortha eile a riar trí na hambasáidí. Mar an gcéanna le príomhthíortha comhpháirtíochta, cuireadh maoiniú breise ar fáil trí eagraíochtaí neamhrialtasacha sochaí sibhialta.[1] Tá léirithe i bhFíor 14.11 an cúnamh déthaobhach €26.4 milliún a cuireadh ar fáil do thíortha eile in 2016 trí Aonad na nAmbasáidí nó tríd an Aonad um an Afraic (€12.7 milliún), tríd an Aonad um an tSochaí Shibhialta agus Oideachas Forbartha (€12.9 milliún) agus trí aonaid eile atá lonnaithe sa cheannáras (€0.8 milliún).

**Fíor 14.11 Tíortha eile a fhaigheann cúnamh deontais faoin gclár [a]**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nótaí: a Tá na figiúirí léirithe glan ar chostais riaracháin.


1 Déantar cúnamh don tSiombáib a riar tríd an ambasáid in Pretoria, an Afraic Theas. Déantar cúnamh don Libéir a riar tríd an ambasáid in Freetown, Siarra Leon. Déantar cúnamh do Chríoch na Palaistíne faoi Fhorghabháil a riar tríd an gceanncáras, le tacaíocht ó oifig ionadaí na Roinne in Ramallah.

### *Sochaí shibhialta*

**14.32** Is ón mbuiséad sochaí sibhialta, arna riar ag Aonad na Roinne um an tSochaí Shibhialta agus Oideachas Forbartha, a chuirtear maoiniú idirghabhála forbartha ar fáil d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, grúpaí misinéireachta agus comhpháirtithe eile. Tabhaíodh caiteachas €82.4 milliún i ndáil le híocaíochtaí le comhlachtaí sochaí sibhialta in 2016. Tá na príomhbhealaí caiteachais leagtha amach i bhFíor 14.12.

**14.33** Téann an chuid is mó den mhaoiniú (70% nó €57.5 milliún in 2016) trí Chiste Chlár na Sochaí Sibhialta, a fheidhmítear ar thimthriall cúig bliana agus a chuireann tacaíocht ar fáil trí roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha a bhfuil sé mar aidhm acu athrú socheacnamaíoch fadtréimhseach, inbhuanaithe a bhaint amach.[1] Cuirtear an chuid eile den mhaoiniú i leataobh le tionscadail aonair a mhaoiniú bunaithe ar iarratais bhliantúla, ar oideachas forbartha agus ar ghníomhaíochtaí grúpa eagraíochtaí misinéireachta atá faoi choimirce comhaontú darb ainm Misean Cara.[2] Tugtar tacaíocht freisin do thionscnaimh a bhaineann le hoibrithe deonacha agus do mhonatóireacht ar thoghcháin, agus trí mhisin taidhleoireachta de chuid na hÉireann, i ndáil le tionscadail forbartha ar an mionchóir i dtíortha nach bhfuil aon chlár déthaobhach de chuid Chúnamh Éireann i bhfeidhm iontu. Is é an difear idir cláir agus tionscadail ná a scála agus a nádúr inbhuanaithe agus an tionchar a imríonn siad ar na leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.[3]

**Fíor 14.12 Maoiniú Sochaí Sibhialta 2016**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nóta: a Tá san áireamh faoi 'Eile' Cláir a Bhaineann le hOibrithe Deonacha, Miontionscadail Intíre agus Monatóireacht ar Thoghcháin.

### *Rialuithe agus dearbhuithe*

**14.34** Déanann baill foirne de chuid Chúnamh Éireann monatóireacht agus measúnú ar mhaoiniú sochaí sibhialta le dearbhú a fháil ina leith. Éilítear ar eagraíochtaí neamhrialtasacha tuarascálacha bliantúla, pleananna airgeadais agus iniúchtaí arna ndéanamh ag iniúchóirí seachtracha a chur isteach ag deireadh gach bliana. Déantar athbhreithniú ar na cáipéisí sin agus cuirtear i gcomparáid leis an bplean bunaidh **a** moladh iad. Eagraítear cuairteanna monatóireachta go rialta i rith an tionscadail. Má thagann nithe is údar imní suntasaí chun solais, féadfar an maoiniú a chur ar fionraí.

1 Baineann an plean reatha leis an tréimhse 2017 go 2021, agus tá sé beartaithe go gcuirfear tacaíocht ar fáil do 13 eagraíocht neamhrialtasacha faoi.

2 In 2016, thug Misean Cara maoiniú seachadta seirbhíse do 89 eagraíocht misinéireachta i 57 tír.

3 Bíonn maoiniú deontais ó Chlár na Sochaí Sibhialta idir €500,000 agus €20.5 milliún. Bíonn idir €10,000 agus €180,000 i gceist le deontais ó Chiste Thionscadal na Sochaí Sibhialta faoi láthair.

**14.35** Rinneadh measúnú deireadh timthrialla in 2016 ar Chiste Chlár na Sochaí Sibhialta, 2012 – 2016. Thug athbhreithneoir seachtrach faoin measúnú ar gach rannpháirtí lena mheas cén chaoi ar forfheidhmíodh an clár. Chuir na moltaí bonn eolais faoi fhorbairt an dara céim den chlár le haghaidh na tréimhse 2017 – 2021.

**14.36** I mí na Nollag 2016, faomhadh 13 eagraíocht neamhrialtasacha, eagraíocht nua ina measc, le haghaidh maoiniú faoi Phlean Chlár na Sochaí Sibhialta, 2017 – 2021. Socraíodh an leibhéal maoinithe a chuirfí ar fáil dóibh chomh maith. Trí eagraíocht neamhrialtasacha a bhí ina gcomhpháirtithe i gclár 2012 – 2016, níor chomhlíon siad na riachtanais nua agus níor éirigh leo maoiniú a bhaint amach faoin gclár nua dá bhrí sin.

## Tuairisciú calaoise

**14.37** Tugann Cúnamh Éireann maoiniú do roinnt de na tíortha is lú forbairt dá bhfuil ann. Stáit leochaileacha is ea iad agus d’fhéadfadh sé nach mbeadh an réim rialachais ná na rialuithe thar mholadh beirte iontu, rud a fhágann gur mó an baol go dtarlódh cásanna calaoise nó caimiléireachta.[1]

**14.38** Ní ghlacann Cúnamh Éireann beag ná mór le calaois. Is é Aonad Iniúchóireachta na Roinne atá freagrach as cásanna calaoise amhrasta a fhiosrú agus as clár rioscaí a choinneáil. Tugtar faoi imscrúdú calaoise le tacaíocht ó bhaill foirne de chuid na ceannoifige agus na misean, a lorgaíonn comhoibriú an chomhpháirtí lena chinntiú go ndéantar imscrúdú críochnúil. Tugtar tuairiscí chun dáta ar dhul chun cinn an imscrúdaithe don Aonad Iniúchóireachta go rialta.

**14.39** Ní thuairiscíonn an Roinn cásanna calaoise amhrasta go poiblí ná an céatadán den COF a chailltear de dheasca calaoise. Rinneadh athbhreithniú ar chlár calaoise na Roinne mar chuid den scrúdú seo.[2] In 2016, tuairiscíodh 12 chás calaoise amhrasta in eagraíochtaí comhpháirtíochta arna maoiniú ag Cúnamh Éireann, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le caillteanas €312,262. Is ionann an méid sin agus 0.043% den mhaoiniú COF a cuireadh ar fáil in 2016. Tar éis an méid a fuarthas ar ais a chur san áireamh, áfach, is ionann an caillteanas féideartha agus 0.026% den mhaoiniú COF a cuireadh ar fáil in 2016.

**14.40** Tá luaite i bhFíor 14.13 na cásanna calaoise amhrasta a thaifead an Roinn sa chlár calaoise in 2016.

**Fíor 14.13 Cásanna calaoise amhrasta a taifeadadh i gClár Calaoise Chúnamh Éireann le linn 2016**

| Rannóg | Líon na gcásanna calaoise | Méid mídhílsithe | Méid faighte ar ais | Méid gan fáil ar ais |
|---|---|---|---|---|
| An Mhaláiv | 3 | €34,289 | — | €34,289 |
| Siarra Leon | 2 | €73,683 | €23,683 | €50,000 |
| Uganda | 2 | €7,464 | €4,064 | €3,400 |
| An Afraic Theas | 1 | €98,559 | €98,559 | — |
| An tSaimbia | 1 | €65,000 | — | €65,000 |
| An Tansáin | 1 | €28,000 | — | €28,000 |
| An Libéir | 1 | €5,267 | — | €5,267 |
| An tSiria | 1 | — | — | — |
| **Iomlán** | **12** | **€312, 262** | **€126,306** | **€185,956** |

Foinse: Clár Calaoise na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

1 D’fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le calaois mí-leithghabháil cistí, caimiléireacht, uiríoll bréige, breabaireacht, brionnú, éilliú, claonpháirteachas, goid, claonchasadh nó falsú cuntas.

2 I mí an Mhárta 2017 bhí 20 cás calaoise féideartha sa chlár calaoise, a chuaigh siar go dtí mí na Bealtaine 2014 agus arbh fhiú €367,207 iad.

**14.41** Tá an leibhéal calaoise a braitheadh ag teacht leis na leibhéil a thuairiscigh gníomhaireachtaí cúnaimh rialtais i ndlínsí eile (féach Fíor 14.14).

**Fíor 14.14 Calaois mar % den OIN i ngníomhaireachtaí idirnáisiúnta**

| Eagraíocht | % den COF |
|---|---|
| DFID[a] | 0.03%[b] |
| USAID | 0.0055%[c] |
| AusAID | 0.026%[d.e] |
| Gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe | 0.03%[f] |

Foinse: Foinsí éagsúla (féach na nótaí)

Nótaí:
- a An Roinn Forbartha Idirnáisiúnta, an Ríocht Aontaithe.
- b Oifig Iniúchta Náisiúnta an RA, Imscrúdú ar Chur Chuige na Rannóige Forbartha Idirnáisiúnta i leith dul i ngleic le calaois.
- c Tuarascáil Bhliantúil US Aid, 2015.
- d Rialú Calaoise agus Frithchaimiléireacht le Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na hAstráile, lena n-áirítear clár Chúnamh na hAstráile.
- e Déanann AusAID calaois a ríomh mar % den OIN i ngníomhaireachtaí idirnáisiúnta, glan ar mhéideanna a fhaightear ar ais.
- f Calaois a Chosc agus a Bhrath, agus Freagairt di, sna Náisiúin Aontaithe.

## Conclúidí agus moltaí

**14.42** Tá COF na hÉireann ag méadú bliain i ndiaidh bliana ó bhí 2014 ann. Ba é €723.7 milliún iomlán an COF in 2016, mar shampla. I bhfianaise an méid airgid a bhíonn i gceist, agus riachtanais na dtíortha atá i mbéal forbartha, tá ríthábhacht ag baint le nósanna imeachta láidre rialaithe agus dearbhaithe chun a chinntiú go n-úsáidtear cistí chun a gcríocha beartaithe.

### *Pleananna straitéise tíre*

**14.43** Forbraíonn Cúnamh Éireann plean straitéise tíre le haghaidh gach príomhthíre comhpháirtíochta ina leagtar síos creat le cabhrú le hambasáidí i dtíortha comhpháirtíochta torthaí ar leith a bhaint amach. Is iondúil go mbaineann an plean le tréimhse cúig bliana, ach cuireann an Roinn síneadh ama le straitéisí atá le dul in éag sa chás nach bhfuil plean straitéise tíre nua ullmhaithe ná tugtha chun críche go fóill. Ag deireadh mhí na Bealtaine 2017, bhí síneadh ama curtha leis an bplean i dtrí cinn de na hocht dtír chomhpháirtíochta.

#### Moladh 14.1

Ba chóir don Roinn a chinntiú go mbíonn pleananna straitéise tíre nua le haghaidh príomhthíortha comhpháirtíochta réidh in am is i dtráth, rud a fhágfaidh nach mbeidh gá leis an oiread sin síntí ama. Ba chóir ullmhúcháin a dhéanamh le plean straitéise nua a cheapadh sula dtagann an plean roimhe chun críche lena chinntiú go mbíonn creat soiléir i bhfeidhm in ambasáidí i gcónaí le cabhrú leo a spriocanna a bhaint amach.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe. Tá próiseas pleanála nuashonraithe i bhfeidhm ag an Roinn anois maidir le straitéisí ilbhliantúla a fhorbairt le haghaidh na bpríomhthíortha comhpháirtíochta go léir. Is iondúil go bhforbraítear a leithéid de straitéisí do thréimhse cúig bliana, ag brath ar an gcomhthéacs. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht agus ar an bhfoghlaim, rud a chuireann bonn eolais faoin bpróiseas pleanála i gcomhair straitéisí dá éis sin. Cuirtear tús leis sin leathbhealach trí straitéis atá ar bun cheana féin, díreach tar éis torthaí an athbhreithnithe meántéarma a eisiúint.

Tá sé mar aidhm ag an Roinn go mbeadh an straitéis nua curtha i gcrích agus faofa sula rachadh an straitéis roimhe in éag. Sa chás go moltar in athbhreithniú meántéarma gur fiú síneadh ama a chur le straitéis nó, sa chás go tagann athruithe nach beag ar an gcomhthéacs náisiúnta nó réigiúnach a bhfuil anailís agus pleanáil bhreise de dhíth dá mbarr, ullmhaítear cáipéisíocht i dtaca le síneadh ama a chur leis an straitéis atá ann cheana. Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú ar na cáipéisí i ndáil leis an síneadh ama agus ceadaíonn iad.

### *Feabhas ar nósanna imeachta rialaithe agus dearbhaithe*

**14.44** Ní mór do gach uile thír bhronntach dul i ngleic leis an riosca calaoise agus caimiléireachta a bhaineann le cúnamh forbartha a sholáthar.

**14.45** Mar fhreagairt ar chás suntasach calaoise in Uganda in 2012, rinne Aonad Iniúchóireachta na Roinne athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha agus ar na córais bainistithe riosca a bhí á bhfeidhmiú ag an Roinn i bpríomhthíortha comhpháirtíochta. Eisíodh an Tuarascáil Sintéise deiridh i mí Feabhra 2014 agus rinneadh naoi moladh inti.

**14.46** Is maith is eol don Roinn an tábhacht a bhaineann le cur mholtaí na Tuarascála Sintéise i bhfeidhm. Chuir an Roinn tús le tabhairt isteach an nóis imeachta bainistithe deontas in 2016, dhá bhliain tar éis eisiúint na tuarascála sintéise. Níl glacadh leis an nós imeachta bainistithe deontas nua i ngach uile mhisean ná aonad de chuid na Roinne go fóill, áfach. Tá an Roinn ag súil go mbeidh gach aonad ábhartha ag úsáid an nóis imeachta nua faoi ráithe a haon, 2018.

**14.47** Moladh sa Tuarascáil Sintéise gur chóir cáipéisí conarthacha caighdeánaithe a chur i bhfeidhm le gach comhpháirtithe cláir — meabhráin tuisceana agus conarthaí bliantúla san áireamh. Cuireadh de chúram ar rannóg dlí na Roinne cáipéisí caighdeánaithe a chur i dtoll a chéile, a bhfuil creat calaoise níos láidre iontu, agus treoir don fhoireann ar an cáipéisí nua a thabhairt cothrom le dáta. Tá curtha in iúl ag an Roinn gur chóir go mbeadh an próiseas sin curtha i gcrích roimh dheireadh na bliana.

### *Cur na nósanna imeachta feabhsaithe i bhfeidhm*

**14.48** Rinneadh athbhreithniú mar chuid den scrúdú seo ar chúig thionscadal shamplacha a bhí faoi bhainistiú na hambasáide in Uganda. Ghlac an ambasáid leis an nós imeachta bainistithe deontas nua go luath agus tugadh feabhsuithe faoi deara sa chaoi a n-úsáidtear an uirlis measúnaithe acmhainne eagraíochta, a ndéantar monatóireacht ar thionscadail i rith na bliana agus a n-úsáidtear táscairí feidhmíochta i gconarthaí bliantúla.

**14.49** Úsáidtear an measúnú le comhpháirtithe tionscadail féideartha a mheas. Ar cheann de ghnéithe an mheasúnaithe tá laigí san eagraíocht chomhpháirtíochta a aibhsiú agus sainaithint a dhéanamh ar réimsí riosca féideartha. I gcúig cinn de na tionscadail a ndearnadh athbhreithniú orthu mar chuid den scrúdú, rinneadh sainaithint ar laigí nó ar rioscaí mar chuid den mheasúnú tosaigh. Cé gur forbraíodh cláir rioscaí agus straitéisí maolaitheacha le haghaidh na gcomhpháirtithe uile, ní raibh aon fhianaise ann go raibh gá le bearta maolaitheacha sa mheabhrán tuisceana ná sna comhaontuithe bliantúla a mhalartaítear idir na comhpháirtithe.

**Moladh 14.2**

Nuair a dhéantar sainaithint ar laigí nó ar rioscaí in eagraíocht chomhpháirtíochta bheartaithe mar chuid den mheasúnú tosaigh, ba chóir don Roinn a mheas cén chaoi ar chóir plé a dhéanamh leo sin sa mheabhrán tuisceana nó sa chonradh bliantúil. Ba chóir go ndéanfaí measúnú ar rioscaí den sórt sin go rialta mar chuid den phróisis monatóireachta.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Bainistíonn na baill foirne ábhartha na rioscaí agus na laigí a shainaithnítear i gcomhpháirtithe deontais. Sula mbronntar deontais, déantar measúnú ar acmhainn an chomhpháirtí forfheidhmithe atá beartaithe. Nuair a dhéantar sainaithint ar rioscaí nó ar laigí, forbraítear straitéisí maolaitheacha i gcomhar leis an gcomhpháirtí. Cuirtear na rioscaí agus na bearta maolaithe san áireamh sa chlár rioscaí a chuirtear le chéile i ndáil le gach deontas. Déantar monatóireacht ar na cláir rioscaí agus ar na bearta maolaithe sin ar bhonn leanúnach.

Aontaíonn an Roinn go gcuirfear na bearta is gá chun na rioscaí is suntasaí a bhainistiú san áireamh go foirmeálta sna meabhráin tuisceana agus sna conarthaí bliantúla a mhalartaítear idir na comhpháirtithe roghnaithe. Déanfaidh an Roinn an gnáthchur chuige i leith bainistiú deontas a nuashonrú chun an moladh seo a chur san áireamh.

### *Tuairisciú calaoise*

**14.50** Tá curtha de chúram ar an Aonad Iniúchóireachta cásanna calaoise a fhiosrú, le tacaíocht ó bhaill foirne sa cheannoifig agus sna misin. Tuairiscíonn an rannóg ábhartha an cás calaoise amhrasta don Aonad Iniúchóireachta, a dhéanann é a imscrúdú agus a bhfuil de fhreagracht air clár rioscaí a choinneáil freisin.

**14.51** Taifeadadh €312,000 de chalaois amhrasta san iomlán sa chlár calaoise le linn 2016. Fuarthas thart ar €126,000 den tsuim sin ar ais dá éis sin. Murab ionann is gníomhaireachtaí bronntacha i dtíortha amhail an Astráil, na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe, ní fhoilsíonn Cúnamh Éireann sonraí faoin maoiniú a bhaineann le cásanna calaoise amhrasta ná faoi luach na gcásanna calaoise amhrasta mar chéatadán den COF.

**Moladh 14.3**

Ag teacht leis an dea-chleachtas i measc tíortha bronntacha eile, ba chóir don Roinn machnamh a dhéanamh ar luach na gcásanna calaoise amhrasta a mheas agus a fhoilsiú, in euro agus mar chéatadán den COF, ar bhonn bliantúil.


**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Is é Aonad Measúnachta agus Iniúchóireachta na Roinne atá freagrach as gach tuairisc calaoise a fhiosrú agus a imscrúdú. Ní ghlacann an Roinn beag ná mór le calaois. Déanann an lucht ardbhainistíochta agus Coiste Iniúchóireachta na Roinne athbhreithniú ar thuairiscí calaoise ar bhonn rialta.

Ceapfaidh an Roinn modheolaíocht i ndáil le faisnéis a fhoilsiú faoi chásanna calaoise/chásanna calaoise líomhnaithe a bhaineann le cistí de chuid Chúnamh Éireann a bronnadh ar eagraíochtaí comhpháirtíochta. Is é is dóichí go ndéanfar amhlaidh i dTuarascáil Bhliantúil Chúnamh Éireann.

## Iarscríbhinn 14A Glan-COF mar chéatadán den OIN

**Fíor 14A.1 Glan-COF mar chéatadán den OIN – Deontóirí don Choiste Cúnaimh Forbartha, 2016**




Foinse: Tuarascálacha Chúnamh Éireann; an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nóta: I 1970, shocraigh na Náisiúin Aontaithe sprioc go dtabharfadh tíortha forbartha COF ab ionann agus 0.7% dá nOllioncam Náisiúnta (OIN) gach bliain. Níor bhain ach sé thír an sprioc amach in 2016.

## Iarscríbhinn 14B

### Fíor 14B.1 An amlíne le hathruithe a chur i bhfeidhm tar éis an cháis calaoise in Uganda in 2012

| | | |
|---|---|---|
| **2012** | **Deireadh Fómhair**<br>▪ Sainaithníodh cás calaoise in Oifig Príomh-Aire Uganda agus bhain €4 mhilliún de le cistí a thug Cúnamh Éireann.<br>▪ Chuir Cúnamh Éireann maoiniú trí Rialtas Uganda ar fionraí.<br>**Samhain**<br>▪ Rinne an tAonad Iniúchóireachta an cás calaoise in Uganda a fhiosrú. Eisíodh breac-chuntas ar na torthaí agus na moltaí a bhí ag gabháil leo. | **Samhain (ar lean)**<br>▪ D'iarr an tOifigeach Cuntasaíochta ar cheannasaithe na misean i ngach príomhthír chomhpháirtíochta athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha, córais bainistithe riosca agus nósanna imeachta tuairiscithe.<br>▪ Ceapadh Príomhoifigeach Riosca.<br>**Nollaig**<br>€4 mhilliún faighte ar ais ó Rialtas Uganda. |
| **2013** | **Eanáir**<br>Thug Cúnamh Éireann tacaíocht airgeadais d'Oifig an Ardiniúchóra in Uganda.<br>**Feabhra**<br>Phléigh an tOifigeach Cuntasaíochta na téamaí coiteanna a d'eascair as an athbhreithniú inmheánach a rinneadh i gcomhar le ceannasaithe na misean. | **Márta**<br>Thug an tAonad Iniúchóireachta cuairt ar thíortha comhpháirtíochta le measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na rialuithe i ngach tír agus le sainaithint a dhéanamh ar aon laigí coiteanna a bhí ann. |
| **2014** | **Feabhra**<br>▪ Eisíodh Tuarascáil Sintéise an Aonaid Iniúchóireachta.<br>▪ Ceapadh Príomhoifigeach Airgeadais.<br>**Bealtaine**<br>Cuireadh tascfhoireann thrasrannach ar bun le maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt caighdeán agus córas bainistíochta láidir d'aonaid agus misin Chúnamh Éireann. | **Iúil**<br>Cuireadh an polasaí bainistithe riosca i gcrích. Eisíodh treoir ar rioscaí a rátáil agus a bhainistiú. |
| **2015** | Rinneadh an próiseas buiséadaithe bliantúil a ailíniú leis an bplean gnó. Socraíodh go mbeadh na spriocdhátaí mar an gcéanna. | |
| **2016** | **Eanáir**<br>Faomhadh an nós imeachta bainistithe deontas. Áirítear air treoir ar shreabhadh cistí, meastóireacht agus monatóireacht agus measúnuithe rioscabhunaithe.<br>**Feabhra**<br>▪ Eisíodh cairt iniúchóireachta inmheánaí athbhreithnithe.<br>▪ Tugadh isteach an nós imeachta bainistithe deontas san Aonad um Fheidhmíocht agus Pleanáil.<br>**Márta**<br>▪ Cuireadh tús le hathstruchtúrú na heagraíochta. Tá eagraghraim de na haonaid, a dtugann breac-chuntas ar a róil agus a bhfreagrachtaí, le coinneáil cothrom le dáta.<br>▪ Tugadh isteach an nós imeachta bainistithe deontas sa Mhaláiv, in Uganda agus i Vítneam. | **Aibreán**<br>Eisíodh tuarascáil deiridh na tascfhoirne trasrannaí. Tugadh isteach an nós imeachta bainistithe deontas san Aonad um Beartas.<br>**Meitheamh**<br>▪ Eisíodh nós imeachta maidir le teagmháil agus tuairisciú idir na foirne iniúchóireachta sa cheannáras agus i bpríomhthíortha comhpháirtíochta.<br>▪ Measadh riachtanais oiliúna agus eisíodh plean oiliúna réamhphostaithe.<br>▪ Cuireadh tús leis an oiliúint réamhphostaithe.<br>**Meán Fómhair**<br>Tugadh isteach an nós imeachta bainistithe deontas sa Tansáin.<br>**Nollaig**<br>Tugadh isteach an nós imeachta bainistithe deontas i Mósaimbíc. |
| **2017** | **Feabhra**<br>Tugadh isteach an nós imeachta bainistithe deontas san Aonad um an Afraic.<br>**Márta**<br>▪ Críochnaíodh cur chuige bainistíochta nua i leith straitéis tíre atá bunaithe ar thorthaí.<br>▪ Tugadh isteach an nós imeachta bainistithe deontas in Siarra Leon. | **Bealtaine**<br>Tugadh isteach an nós imeachta bainistithe deontas san Aetóip. |
| | **Ráithe 3 agus Ráithe 4**<br>Tá an nós imeachta bainistithe deontas le tabhairt isteach sna príomhthíortha comhpháirtíochta agus sna haonaid de chuid na Roinne atá fós amuigh. | |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála